

Cáin Ioncaim d'Fhostaithe

Bileog Oibre le haghaidh
Gníomhaíocht Scoláirí

2



1. Sainmhíneadh an téarma **ioncam**.

2. Meaitseáil na mínithe leis an téarma ceart sa tábla thíos.

Míniúcháin	Téarmaí
1. Íocaíocht bhreise a fuair fostaí as sprioc a bhaint amach	A. Díbhinn
2. Méid a íoctar le fostaithe bunaithe ar líon na n-uaireanta nó na laethanta a oibríonn siad	B. Sochar Cuardaitheora Poist
3. Íocaíocht sheachtainiúil a thugtar do dhaoine dífhostaithe	C. Pinsean
4. Scair de bhrabús cuideachta a thugtar do scairshealbhóirí	D. Pá
5. Íocaíocht rialta a fhaigheann daoine atá ar scor	E. Bónas

1	2	3	4	5

3. Sainaithin an ioncam incháinite nó neamh-incháinite é gach ceann de na cineálacha ioncaim thíos.

	Ioncam	Incháinite / Neamh-incháinite
1.	Crannchur a bhaint	
2.	Tuarastal	
3.	Coimisiún	
4.	Ioncam scoláireachta	
5.	Ioncam cíosa	

4. Cuir ciorcal ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo a leanas.
- Íoctar cáin dhíreach ar **ioncam / earraí agus seirbhísí**.
 - Baineann Sceideal E le **hioncam cuideachta / ioncam fostaíochta**.
 - Is **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí / Uimhir Poiblí Pearsanta Seirbhíse** é an UPSP.
 - Is sampla d'asbhaint **reachtúil / neamhreachtúil** é síntiús ceardchumainn.
 - Tugtar an **ráta caighdeánach / ráta imeallach** ar an ráta cánach ioncaim de 40% freisin.
5. Sainaithin an bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

Ráiteas		Fíor / Bréagach
1.	Méadaíonn creidmheasanna cánach an méid cánach ioncaim a chaithfidh duine a íoc.	
2.	Is íocaíocht sheasta é tuarastal a íoctar le fostaí as obair.	
3.	Is sampla é CBL de cháin indíreach.	
4.	Is sampla é an Sochar Linbh d'ioncam incháinite.	
5.	Úsáidtear an córas ÍMAT chun ioncam fostaíochta a bhailiú.	